An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

# Logleabhar Samplach Scoláirí agus Plean Aonad Foghlama

Forbraíodh an acmhainn seo mar chuid de cheardlann FGL 2019 / 2020 don Teicneolaíocht Adhmaid a bhí ar siúl le linn na scoilbhliana 2019 / 2020. Is féidir gach ábhar a úsáidtear le linn na ceardlainne seo a fheiceáil sa rannán Teicneolaíochtaí de www.jct.ie laistigh de thíl na gCeardlann FGL..

Nasc Ceardlainne FGL:
https://www.jct.ie/leagangaeilge/technologies/cpd_supports_wood_technology_cpd_workshops_2019_2020_ga

Cuireadh an t-aonad foghlama seo ar taispeáint le linn na ceardlainne seo agus dhírigh sé ar an gcaoi ar ghníomhachtaigh múinteoir na torthaí foghlama agus an phríomhfhoghlaim lena chuid scoláirí agus comhthéacs na scoile ar a intinn. D'fhéadfadh an acmhainn shamplach seo cabhrú leat ábhair atá oiriúnach do chomhthéacs do scoláirí a phleanáil agus a fhorbairt. Ba é fócas an aonaid fhoghlama seo go dtabharfaí fadhb dhearaidh do scoláirí, go leanfadh siad próiseas deartha chun teacht ar réiteach dearaidh, agus ansin go dtabharfaí deis dóibh a gcuid scileanna binse a chur chun cinn trína réiteach a fhíorú. Leagtar amach sa phleanáil don aonad seo na torthaí foghlama a roghnaítear ó shnáitheanna agus ó ghnéithe na sonraíochta don teicneolaíocht adhmaid, rud a chinntíonn go mbaintear amach cur chuige comhtháite i leith na foghlama agus an teagaisc. Faightear fístaifeadadh a léiríonn an cur chuige pleanála seo - anseo. Is féidir breathnú ar an gcur chuige seo freisin ar shleamhnáin 68 - 86 de chur i láthair FGL 2019 / 2020 don Teicneolaíocht Adhmaid.

Cad é atá san áireamh sa PDF seo?

1. Aonad samplach foghlama

San áireamh anseo tá an t-aonad samplach foghlama a d'fhorbair an múinteoir dá chuid scoláirí ina gcomhthéacs scoile. Faightear sa phlean na torthaí foghlama agus an phríomhfhoghlaim a ghníomhaítear nuair a théitear i ngleic leis an mbileog oibre.

2. Logleabhar scoláirí agus gníomhaíochtaí samplacha

Tá gníomhaíochtaí sa PDF seo a rabhthas ag obair leo agus a pléadh sa chomhthéacs atá leagtha amach i sleamhnáin 68 – 86 de chur i láthair FGL 2019 / 2020 don Teicneolaíocht Adhmaid. Tá sé tábhachtach na torthaí foghlama, an fhoghlaim lárnach agus na briathra gnímh a thabhairt faoi deara sa phlean aonad a thugann comhthéacs do na gníomhaíochtaí sa logleabhar.

**Naisc Úsáideacha:**

Tabharfaidh roinnt de na naisc seo a leanas tuilleadh comhthéacs don acmhainn seo

Mo Threoir Dhearaidh

Cur i láthair PowerPoint FGL 2019/2020

Cur Chuige Comhtháite i leith an Dearaidh i Seomra Ranga Theicneolaíocht an Adhmaid

Nasc le hAcmhain

Gabhaim buíochas mór leis na múinteoirí a bhí rannpháirteach agus a chuir an acmhainn seo ar fáil d'fhoireann JCt4.

**Tabhair do d'aire:** Moltar duit féachaint ar ábhair na ceardlainne FGL le linn duit an acmhainn seo a úsáid chun comhthéacs a thabhairt don acmhainn agus tuiscint níos fearr a fháil ar an gcaoi ar forbraíodh an t-aonad foghlama.

cc BY NC

Ainm an Scoláire: ______________________________________ Dáta: ________________

**Tasc / Fadhb dhearaidh: (Spreagthach)**

Tharla longbhriseadh do dhuine ar oileán tréigthe. Níl aon dóigh acu le cumarsáid a dhéanamh leis an domhan sibhialta. An t-aon seans atá acu maireachtáil 'árthach' de chineál éigin a thógáil lena slí a dhéanamh abhaile. Ní thig leo a úsáid ach na hábhair atá ar fáil dóibh ar an oileán.







| Comhpháirt | Cainníocht | Tiús (mm) | Leithead (mm) | Fad(mm) |
|---|---|---|---|---|
| Píosaí A & B | | 20mm | 44mm | |
| Píosaí C & D | | | | |
| Píosa E | | | | |
| Crann | | Ø9mm | | |
| Seol | | | | |




Sampla – a forbraíodh lena úsáid le JCt4 FGL

Cruthaíodh an acmhainn seo chun cabhrú le ceardlann Forbairt Ghairmiúil a d'éascaigh JCt4 le linn na scoilbhliana 2019-2020 agus tá sí ag teacht le comhthéacs an phlé a bhí ar siúl le linn na ceardlainne sin.

**Tasc**

Samhlaigh gur tharla longbhriseadh duit ar an oileán agus gur gá duit árthach / bád / rafta a thógáil le dul abhaile.  Ag úsáid an ábhair a thugtar, dear agus tóg samhail de shoitheach oiriúnach a chuirfidh ar do chumas éalú ón oileán tréigthe. Is gá go mbeadh modhanna siúntála oiriúnacha i do réiteach chun seasmhacht an árthaigh a chinntiú. Is féidir na píosaí sin a ghearradh, a mhúnlú agus a shiúntáil i slí ar bith chun do dhearadh a fhíorú. Is gá gur le seol a rithfidh an dearadh, .i. gan inneall ná maidí rámha.



**1. Pointe Machnaimh:**

Cad é atá iarrtha orm a dhéanamh?

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

**Critéir Ratha**

Cad é a chuirfidh rath ar an dearadh seo?

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

**2.** An bhfuil aon ghné den fhadhb ar gá dom níos mó a fháil amach fúithi?

Cruth?

Struchtúr?

Cobhsaíocht?







**3. Pointe Machnaimh:** Úsáid an spás seo i do leabhar nótaí chun aon eolas breise a chlárú a chabhróidh leat do réiteach a dhearadh.

Sampla – a forbraíodh lena úsáid le JCt4 FGL

Cruthaíodh an acmhainn seo chun cabhrú le ceardlann Forbairt Ghairmiúil a d'éascaigh JCt4 le linn na scoilbhliana 2019-2020 agus tá sí ag teacht le comhthéacs an phlé a bhí ar siúl le linn na ceardlainne sin.

### 4. Mo riar scileanna

Ar dhear mé an tionscadal de réir mo chumais agus mo thacar sainscileanna Theicneolaíocht an Adhmaid? An bhfuil aon chuid de mo dhearadh a thabharfadh orm scileanna nua a fhorbairt?



### 5. Plean Oibre

Leag amach do phlean oibre chun do thionscadail a dhéanamh; cén seicheamh atá tú ag brath a leanúint lena dhéanamh.

Sampla – a forbraíodh lena úsáid le JCt4 FGL

Cruthaíodh an acmhainn seo chun cabhrú le ceardlann Forbairt Ghairmiúil a d'éascaigh JCt4 le linn na scoilbhliana 2019-2020 agus tá sí ag teacht le comhthéacs an phlé a bhí ar siúl le linn na ceardlainne sin.

**6.** Cad iad na siúntaí a úsáidfidh tú i do thionscadal? Cé na fórsaí nó an brú a gcaithfidh an siúnta cur ina choinne?
Sceitseáil sa spás thíos na siúntaí thíos atá tú ag brath a úsáid.

**Critéir Ratha**

Cad é a léiríonn go bhfuil éifeacht le siúnta?

________________________________________________________________

________________________________________________________________

________________________________________________________________

________________________________________________________________

**7.** Is An é an cineál siúnta a roghnaíodh an ceann is fearr sa chás seo? An ndéanann sé an dearadh cobhsaí? an bhfuil rogha nó dóigh níos fearr ann leis an siúnta a dhaingniú níos mó?

________________________________________________________________

________________________________________________________________

**8. Pointe Machnaimh:** Is An bhfuil mo smaoineamh dearaidh soiléir? An réitíonn sé an fadhb a tugadh ag an tús?

________________________________________________________________

________________________________________________________________

________________________________________________________________

Sampla – á forbraíodh lena úsáid le JCt4 FGL

Cruthaíodh an acmhainn seo chun cabhrú le ceardlann Forbairt Ghairmiúil a d'éascaigh JCt4 le linn na scoilbhliana 2019-2020 agus tá sí ag teacht le comhthéacs an phlé a bhí ar siúl le linn na ceardlainne sin.

**Obair ghrúpa – réiteach dearaidh bunúsach – cruth ginearálta**

Mar ghrúpa, pléigí bealaí ar féidir na píosaí a chóimeáil. Bainigí triail as na píosaí a thugtar chun bealaí éagsúla a fhiosrú lena leagan amach go dtiocfaidh sibh ar bhur ndearadh. Anois mar ghrúpa, roinnigí agus pléigí na smaointe / moltaí dearaidh atá agaibh.

*Bainigí úsáid as na leidcheisteanna seo a leanas chun bhur bplé a threorú.*
Conas is féidir linn an t-adhmad a leagan amach chun an réiteach is fearr a fháil ar an bhfadhb?

Pointe Machnaimh:

Cad é a d'fhoghlaim tú ó do thaighde ar bháid seoil / raftaí / árthaí? Conas a bhainfidh tú úsáid as an eolas seo chun cabhrú leat réiteach dearaidh a chruthú?

Sampla – a forbraíodh lena úsáid le JCt4 FGL

Cruthaíodh an acmhainn seo chun cabhrú le ceardlann Forbairt Ghairmiúil a d'éascaigh JCt4 le linn na scoilbhliana 2019-2020 agus tá sí ag teacht le comhthéacs an phlé a bhí ar siúl le linn na ceardlainne sin.



Sampla – a forbraíodh lena úsáid le JCt4 FGL

Cruthaíodh an acmhainn seo chun cabhrú le ceardlann Forbairt Ghairmiúil a d'éascaigh JCt4 le linn na scoilbhliana 2019-2020 agus tá sí ag teacht le comhthéacs an phlé a bhí ar siúl le linn na ceardlainne sin.

**Múinteoir Ranga:** JCt4 Foireann Theicneolaíocht an Adhmaid **Pleanálaí digiteach do Techneolaíocht an Adhmaid** **Grúpa Ranga:** An chéad bhliain Aibreán / Bealtaine

**Aonad:** Dúshlán Dearaidh / Smaointeoireacht **Fad:** 15 x tréimhse 40 nóiméad **Dáta Tosaigh:** 01/04/2020

Aois, céim agus reamhfhoghlaim do scoláirí a chur san áireamh

Cén fhoghlaim ar mhaith linn díriú uirthi?

Na snáitheanna agus na gnéithe araon a fhiosrú agus torthaí foghlama á roghnú.

### AOIS AGUS CÉIM:

Aibreán / Aibreán / Bealtaine den Chéad BhliainBealtaine den Chéad Bhliain

### RÉAMHFHOGHLAIM:

Bunscileanna binse, feiralt, leathalt crosach, T-leathalt, bunscileanna sceitseála

### FÓCAS NA FOGHLAMA:

Ardscileanna binse, smaointeoireacht dearaidh a chur i láthair, scileanna taighde a fhorbairt, scoláirí a spreagadh chun machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama

### SNÁITHEANNA AGUS GNÉITHE A FHIOSRÚ:

Is iad Snáithe 1 agus Snáithe 2 an fócas anseo

### TORTHAÍ FOGHLAMA

1.8 eolas agus scileanna i réimse prionsabal, próiseas agus teicnící cuí atá ann cheana féin agus atá ann cheana féin agus atá ag teacht chun cinn a chur i bhfeidhm

1.9 prionsabail na sármhaitheasa ceardaíochta a léiriú trí thascanna agus déantáin a dhearadh agus a bhaint amach

2.1 fadhbanna dearaidh a fhiosrú

2.2 faisnéis agus smaointeoireacht a bhainistiú chun tacú le próiseas dearaidh atriallach

2.6 sceitsí, líníochtaí agus samhlacha/fréamhshamhlacha a tháirgeadh chun smaointe dearaidh a fhiosrú

2.14 iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi le húsáid ábhair a íoslaghdú agus dramhail a bhainistiú

Na torthaí foghlama do d'aonad foghlama a shainiú

Príomhfhoghlaim na scoláirí a aithint ag úsáid briathra gnímh chun cabhrú le do smaointeoireacht

Meabhraigh conas a dhéanfaidh muid measúnú agus tuairisciú ar fhianaise ar fhoghlaim

### PRÍOMHFHOGHLAIM

**Smaointeoireacht Dearaidh a chur i láthair:**

Dearadh mar phróiseas, céimeanna a bhaineann le dearadh, réamhfhoghlaim a fhí isteach sa dearadh, an t-eolas agus na scileanna a carnadh i dtionscadail eile roimhe seo a chur i bhfeidhm

**Scileanna taighde a fhorbairt:**

Taighde a dhéanamh ar son cuspóra, conas úsáid a bhaint as eolas, machnamh a dhéanamh ar a gcuid torthaí agus iad a mheas.

**Ardscileanna binse:**

Marcáil, sábhadh, siséaladh, teicnící siúntála, a dtuiscint ar an ábhar a léiriú

### BRIATHRA GNÍMH

Cuir i bhfeidhm: faisnéis agus/nó eolas agus tuiscint a roghnú agus a úsáid chun cás tugtha nó fíorchúinsí a mhíniú

Léirigh (Cuir in iúl): rud a thabhairt chun cuimhne go soiléir agus go cinnte trí úsáid a bhaint as cur síos nó samhlaíocht

Fiosraigh: smaoineamh nó labhairt faoi rud éigin chun tuilleadh eolais a fháil ina leith

Bainistigh: obair a dhéanamh ar rud nó iarracht a dhéanamh rud a athrú chun críoch áirithe

Táirg: rud a dhéanamh, a thógáil nó a mhonarú ó chomhbhaill nó ó amhábhair

Iniúch: breathnú, staidéar, nó mionscrúdú córasach a dhéanamh chun fíricí a chinntiú agus teacht ar chonclúidí nua

Briathra Gnímh

Smaointe a fhorbairt ar an gcaoi a bhfaigheadh scoláirí blaiseadh den fhoghlaim seo.

Conas a bheidh a fhios agam go bhfuil siad ag foghlaim

### CAD É AN TAITHÍ A BHEIDH AG SCOLÁIRÍ AR AN BHFOGHLAIM SEO?

Sceitseáil, ag úsáid taighde chun cabhrú leis an gcinnteoireacht.

Réiteach a dhearadh agus a chruthú d'fhadhb a thugtar.

### MEASÚNÚ LEANÚNACH

1.8, 1.9 A réiteach a fhíorú ag úsáid scileanna adhmadóireachta atá foghlamtha cheana féin i dtionscadail.

2.1, 2.2, Tosú le plé grúpa ar an gcaoi is fearr chun na píosaí a chóimeáil agus a cheangal.

2.6 sceitsí a tháirgeadh chun cabhrú le réasúnaíocht agus cinntí dearaidh. Úsáid a bhaint as taighde a chuir scoláirí i láthair ar bhileog chun cabhrú lena dtionchar / smaointeoireacht.

2.14, Gan ach an t-ábhar atá tugtha don tasc a úsáid chun an réiteach is fearr ina dtuairim a dhearadh agus a dhéanamh leis an méid is lú diomlach ábhair

Uile– breathnóireacht an mhúinteora

Uile– br Bileog oibre a chomhlánú, uirlisí a úsáid go cruinn agus go sábháilte sa cheardlann.eathnóireacht an mhúinteora

Ag úsáid chomhthéacs do sheomra ranga féin, cé na modheolaíochtaí agus na hacmhainní a chabhróidh le scoláirí taithí a fháil ar na torthaí foghlama.

Cinntiú go mbíonn an measúnú ag teacht leis na torthaí foghlama agus lena mbriathra gnímh

### ACMHAINNÍ:

Bileog oibre, liosta ábhar, Cumhachtphointe

### MODHEOLAÍOCHTAÍ

Taispeántas an mhúinteora

Obair ghrúpa

Aiseolas an mhúinteora

### CONAS A BHRAITHFIDH SCOLÁIRÍ NA TORTHAÍ FOGHLAMA?

2.1, 2.2, Comhrá grúpa. Eolas fiúntach ar bith a pléadh sa ghrúpa a úsáid chun cabhrú leo a sceitsí / smaoineamh dearaidh féin a chruthú.

Gairis – fóin / táibléid a úsáid i mbeirteanna chun taighde a dhéanamh ar réimsí ina bhfuil níos mó eolais ag teastáil

2.6, sceitsí a ghiniúint chun a gcuid smaointe dearaidh a chur in iúl

2.14, úsáid spárálach a bhaint as ábhar a chuirtear ar fáil agus san am céanna freagra a thabhairt ar an bhfadhb dhearaidh

1.8, 1.9, an dearadh acu a fhíorú trí phróisis agus scileanna a carnadh i dtionscadail roimhe seo a chur i bhfeidhm

### Measúnú

Fíorú an réitigh dhearaidh curtha i láthair le bileog oibre an scoláire

**MACHNAIMH:**

Cliceáil nó téigh anseo chun téacs a chur isteach.








Sampla – a forbraíodh lena úsáid le JCt4 FGL

Cruthaíodh an acmhainn seo chun cabhrú le ceardlann Forbairt Ghairmiúil a d'éascaigh JCt4 le linn na scoilbhliana 2019-2020 agus tá sí ag teacht le comhthéacs an phlé a bhí ar siúl le linn na ceardlainne sin.